# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An Teastas Sóisearach 2017

# Scéim Mharcála

# Gaeilge

# Bonnleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Is éard atá sa cháipéis fhoilsithe seo ná an scéim chríochnaithe mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

# TREORACHA GINEARÁLTA

. Le linn na marcála ní mór cloí go dlúth leis an scéim seo, le cibé leasuithe a dhéanfar uirthi ag an gcomhdháil mharcála, agus le cibé treoracha eile a thabharfar ag an gcomhdháil nó ina dhiaidh sin.

. Ní mór don scrúdaitheoir an mharcáil ar na freagarleabhair a dhéanamh i ndúch dearg. Ní mór botúin a mharcáil (níl ceartú i gceist) trí líne dhearg a tharraingt fúthu.

. Ní mór na marcanna a bhronntar ar fhoranna éagsúla na gceisteanna agus na bhfocheisteanna (de réir mar a áireofar ag an gcomhdháil iad) a thaispeáint go soiléir sna hionaid chuí ar na freagarleabhair.

. Ní ceart don scrúdaitheoir aon rud a scríobh i gcorp an fhreagarleabhair ach amháin marcanna, comharthaí, ticeanna, línte.

. Dírítear aird an scrúdaitheora ar a bhfuil i gceist sna treoracha ar leathanach **6** den cháipéis seo maidir le hiarrthóirí a bhfuil oiriúntas réasúnta faofa dóibh.

**CLUASTUISCINT(40marc)**
**N.B.** Ní mór na freagraí ar fad a scríobh i nGaeilge ach **amháin** nuair nach gá sin.

**Treoracha**

1. Más léir go bhfuil an freagra ag teacht leis an rud a chuala an t-iarrthóir agus go bhfuil iarracht mhacánta déanta ag an iarrthóir an focal / na focail a litriú go cruinn d'réir na foghraíochta, glac leis mar fhreagra.
2. Maidir le ceisteanna a bhfuil pictiúr nó litir le roghnú mar fhreagra orthu ní féidir ach pictiúr nó litir **amháin** a roghnú i ngach cás.
3. Glac le tic in aice nó ciorcal timpeall na litreach sna ceisteanna a bhfuil sé sin i gceist iontu má tá an litir cheart roghnaithe.

40

## ROINN I – CLUASTUISCINT: 40 MARC

Tá **6 cheist** san áireamh anseo.

- **Ceist 1, Ceist 3, Ceist 4, Ceist 5, Ceist 6:** (**a**) *agus* (**b**) an ceann, = (4 + 3) x 5 = **35 mharc**
- **Ceist 2** tá pointe **amháin** eolais á lorg: = **5 mharc**

Iomlán do Roinn I (C.T.) = 35 mharc + 5 mharc **= 40 marc**

# ROINN II – LÉAMHTHUISCINT: 120 MARC

30

## Ceist 1 (30 marc)

= 5 mharc x 6 = **30 marc**

Iomlán do **Cheist 1 = 30 marc**

40

## Ceist 2 (40 marc)

Tá **6 cheist** san áireamh anseo.

**Ceist 1, Ceist 2, Ceist 3, Ceist 4, Ceist 5**. = 7 marc x 5 = **35 marc**
**Ceist 6:** tá **dhá** phointe eolais á lorg: = 3 + 2 = **5 mharc**

Iomlán do **Cheist 2**. = 35 mharc + 5 mharc **= 40 marc**

50

## Ceist 3. (50 marc)

(a) **C.1**(15) + **C.2**(5) + **C.3**(5) = **25 mharc**
(b) **C.1**(15) + **C.2**(5) + **C.3**(5) = **25 mharc**

Iomlán do **Cheist 3**. = (**a**) 25 + (**b**) 25 = **50 marc**

# ROINN III – CEAPADÓIREACHT: 80 MARC

25

## Ceist 4. (25 mharc)

**An Tasc –** Cárta Poist a scríobh

Tá **ceithre chuid** sa mharcáil anseo:

**i) Leagan Amach:** **(8 marc)**

- Beannú = 2 mharc
- Síniú = 2 mharc
- Ainm an tseolaí = 2 mharc
- Seoladh = 2 mharc

**ii) Tagairtí: 4** thagairt do théacs an phictiúir **(**2 mharc x 4**)** **= 8 marc**

**iii) Cumas Cumarsáide** **= 4 mharc**

**iv) Cruinneas Gaeilge** **= 5 mharc**

Iomlán do **Cheist 4** = **25 mharc**

25

## Ceist 5. (25 mharc)

**An Tasc –** Freagra a scríobh

Tá **ceithre chuid** sa mharcáil anseo:

**i. Freagra a scríobh:** **= 7 marc**

- Má tá sé soiléir go bhfuil freagra ann bronntar an **7 marc**
- Muna bhfuil sé soiléir bronn **dais/fleiscín/stríoc**.

**ii) An t-Eolas Cuí: 3 thagairt** ag teastáil = **3 mharc x 3** **= 9 marc**

**iii) Cumas Cumarsáide:** **= 4 mharc**

**iv) Cruinneas Gaeilge:** **= 5 mharc**

Iomlán do **Cheist 5 = 25 mharc**

30

## Ceist 6. (30 marc) (a) *nó* (b):

(a) **An Tasc –** Alt a scríobh

Tá **trí chuid** sa mharcáil anseo:

**i) Tagairtí:** (ceithre thagairt ag teastáil: 5 mharc x 4) **= 20 marc**

**ii) Cumas Cumarsáide:** **= 5 mharc**

**iii) Cruinneas Gaeilge:** **= 5 mharc**

Iomlán do **Cheist 6 (a) = 30 marc**

*NÓ*

(b) **An Tasc** - Foirm Iarratais a chomhlánú

Tá **dhá chuid** sa mharcáil anseo:

**i) An t-Eolas Cuí:** (9 x 2 mharc) = 18 + (7 x 1 mharc) **= 25 mharc**

**ii) Cruinneas Gaeilge:** **= 5 mharc**

Iomlán do Cheist 6 (b) = **30 marc**

## Oiriúntais Réasúnta

Tá roinnt leasuithe ar an Scéim Mharcála i bhfeidhm i gcás iarrthóirí a bhfuil socruithe speisialta, i gcás na marcála, ceadaithe ag Coimisiún na Scrúduithe Stáit dóibh agus a bhfuil réiltíní in aice lena gcuid scrúduimhreacha ar na Leatháin Mharcála.

Cuirtear an scéim mhodhnaithe i bhfeidhm sna cásanna seo:

1) Iarrthóirí a bhfuil cealú ceadaithe dóibh maidir le litriú agus gramadach. Cuirtear an scéim mhodhnaithe i bhfeidhm.

2) Iarrthóirí a **d'úsáid:**
- scríobhaí
- téipthaifeadán
- próiseálaí focal nó ríomhaire.

Cuirtear an scéim mhodhnaithe i bhfeidhm.

Cuirtear scéim mhodhnaithe i bhfeidhm maidir le **litriú** agus **cruinneas gramadaí** sna freagraí ar na ceisteanna a bhfuil a leithéid i gceist iontu. **i.e. Roinn III Ceapadóireacht: C.4, C.5, agus C.6.** Ní chuirtear aon **phionós** ar '**drochlitriú'** ná 'ar **easpa cruinneas gramadaí'** i bhfeidhm sa mharcáil ar na freagraí i Roinn I sa Scrúdú Chluastuisceana agus i Roinn II sa Léamhthuiscint.

I gcás aon iarrthóra a bhfuil **oiriúntais réasúnta faofa** dó/di iarrtar ar an scrúdaitheoir é/í a **mharcáil** sa **ghnáthshlí** d'réir na scéime marcála. Ansin téitear siar ar na marcanna a bronnadh ar chruinneas sna freagraí ar cheisteanna 4, 5 agus 6 agus tugtar luacháil chéimithe don iarrthóir ansin. Féach thíos.

**Luacháil chéimithe** don iarrthóir a bhfuil **Oiriúntas Réasúnta** faofa dó:

**Ceisteanna 4, 5 agus 6.**

**Gaeilge: 5 mharc**.

**Treoir**: An marc a ghnóthaigh an t-iarrthóir don Ghaeilge a mhéadú mar seo a leanas:

**1 → 2**; **2 / 3 → 4**; **4 / 5→ 5**.

Ní mór an cealú seo a thaispeáint ar an **bhfreagarleabhar**, taobh **istigh** agus ar an **gclúdach**, taobh **amuigh.**

**Téacs don Chluastuiscint**

**Ceist 1**.

Is mise Cian Ó Murchú.  Tá mé i mo chónaí i Sligeach. Tá cúigear i mo theaghlach. Tá deartháir amháin agus deirfiúr amháin agam. Is mise an duine is sine. Tá mé cúig bliana déag d'aois. Is maith liom ceol agus spórt. Imrím peil agus galf. Seinnim an giotár freisin.

**Ceist 2.**

**Fear:** Dia duit. An bhfuil a fhios agat cá bhfuil Óstán na Mara?

**Bean**: Tá a fhios agam, cinnte.  Siúil síos an tsráid seo chomh fada leis an séipéal. Cas ar dheis ansin. Lean ar aghaidh go dtí na soilse tráchta. Trasnaigh an tsráid ansin. Téigh díreach ar aghaidh ar feadh céad méadar nó mar sin. Feicfidh tú an t-óstán ar thaobh na láimhe clé.

**Fear:** Go raibh míle maith agat.

**Bean:** Tá fáilte romhat.

**Ceist 3.**

Anois an aimsir. Beidh sé tirim, cineálta anocht ar fud na tíre. Beidh tréimhsí geala gréine ann i dtús an lae amáraigh ach scaipfidh báisteach éadrom ón iarthar i rith an tráthnóna. Sa deisceart a bheidh an aimsir is fearr. Fanfaidh sé tirim sa deisceart agus beidh an teocht is airde thart ar seacht gcéim déag Celsius.

**Ceist 4.**

Bhí breithlá Mháire ann ar an Satharn seo caite. Bhí sí cúig bliana déag d'aois. Fuair sí a lán cártaí agus bronntanas. Thug a tuismitheoirí caoga euro di. Fuair sí seacláidí agus dearbháin óna cairde. Chuaigh sí ag siopadóireacht lena cairde. Cheannaigh sí éadaí deasa galánta agus bróga nua di féin. Ina dhiaidh sin bhí béile breá acu i mbialann dheas. Bhí breithlá iontach aici agus bhain sí an-taitneamh as.

**Ceist 5.**

| | |
|---|---|
| Diarmaid: | Dia duit, a Orla. |
| Orla: | Dia's Muire duit, a Dhiarmuid. Ar chuala tú an Príomhoide ar maidin? |
| Diarmuid: | Níor chuala mé. Bhí an bus déanach. Cad a dúirt sí? |
| Orla: | Níl milseáin ná deochanna siúcrúla ceadaithe ar scoil níos mó. |
| Diarmuid: | An ag magadh atá tú? |
| Orla: | Ní hea. Níl cead againn milseáin, brioscaí ná deochanna siúcrúla a thabhairt isteach ar scoil. |
| Diarmuid: | Cén fáth? |
| Orla: | Chonaic sí clár ar an teilifís faoi bhia míshláintiúil. |
| Diarmuid: | Agus cad a íosfaimid anois ag am lóin? |
| Orla: | Bia breá, folláin, sláintiúil – glasraí, sailéid agus pasta. Is féidir linn uisce a ól. Oh sea, tá cead againn torthaí a ithe freisin, úlla, piorraí agus oráistí agus mar sin de. |
| Diarmuid: | Is fuath liom glasraí agus torthaí. |
| Orla: | Bhuel, caithfidh tú athrú. |
| Diarmuid: | Go bhfóire Dia orainn. Gheobhaidh mé bás den ocras. |
| Orla: | Beag an baol. |

**Ceist 6.**

Eoin: Haileo, a Threasa, cá bhfuil tú ag dul?
Treasa: Táim ag dul go dtí an t-ollmhargadh.
Eoin: Ag siopadóireacht, an ea?
Treasa: Ní hea. Táim ag obair ann.
Eoin: Ag obair?
Treasa: Sea, tá post páirtaimseartha agam ann le tamall anuas.
Eoin: Nach breá duit é? Cén uair a bhíonn tú ag obair ann?
Treasa: Gach tráthnóna i rith na seachtaine, óna sé a chlog go dtí a hocht a chlog.
Eoin: Goidé faoin deireadh seachtaine?
Treasa: Oibrím ar an Satharn óna naoi a chlog ar maidin go dtí a sé a chlog tráthnóna. Bíonn lá saor agam ar an Domhnach.
Eoin: An maith leat an obair?
Treasa: Oh! is breá liom an obair. Buailim lena lán daoine agus bíonn an-chraic agam.
Eoin: Cén sórt oibre a dhéanann tú?
Treasa: Líonaim na seilfeanna, scuabaim an t-urlár agus uaireanta bím ag cuidiú leis na custaiméirí. Caithfidh mé imeacht anois. Slán agat.
Eoin: Slán leat.

DON SCRÚDAITHEOIR

SCRÚDUIMHIR ☞ [ ]

Móriomlán na Marcanna: **240**

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2017

## GAEILGE (BONNLEIBHÉAL)

**(240 marc)**

# SCÉIM MHARCÁLÁ

STAMPA AN IONAID

| | |
|---|---|
| 1. Móriomlán na n-iomlán bun leathanaigh. | **200** |

**Nóta**: ☞
Ní mór an marc ag **1** thuas a bheith mar an gcéanna leis an **IOMLÁN** sa ghreille ar dheis.

ROINN I CLUASTUISCINT

| **CEIST** | 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | 6 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **MARC** | **7** | **5** | **7** | **7** | **7** | **7** |

☞

| DON SCRÚDAITHEOIR | | |
|---|---|---|
| | CEIST | MARC |
| ROINN II | 1 | **30** |
| | 2 | **40** |
| | 3 | **50** |
| ROINN III | 4 | **25** |
| | 5 | **25** |
| | 6 | **30** |
| | IOMLÁN ☞ | **200** |
| | CLUASTUISCINT ☞ | **40** |
| | **MÓRIOMLÁN** ☞ | **240** |
| | GRÁD ☞ | **A** |




Thall ➔


| ROINN I | CLUASTUISCINT | (40 marc) |
|---|---|---|

Freagair **gach** ceist. Tá na treoracha don Chluastuiscint ar an dlúthdhiosca.
Cuir tic **(✓)** leis an bhfreagra ceart i ngach cás.

**Ceist 1 (a)** Cá bhfuil Cian ina chónaí?







| Luimneach | Sligeach | Port Láirge | Baile Átha Luain |
|---|---|---|---|
| | X | | |

**<u>= 4 mharc</u>**

**Ceist 1 (b)** Cén aois é Cian?

| | |
|---|---|
| Ceithre bliana déag d'aois | |
| Cúig bliana déag d'aois | X |
| Sé bliana déag d'aois | |

**<u>= 3 mharc</u>**

**<u>Ceist 1 = 7 marc</u>**

**Ceist 2** Cá bhfuil an fear ag dul?














| Óstán | Leabharlann | Ollmhargadh | Oifig an Phoist |
|---|---|---|---|
| X | | | |

**<u>= 5 mharc</u>**

**<u>Ceist 2 = 5mharc</u>**

**Ceist 3 (a)** Cén sórt aimsire a bheidh ann i dtús an lae amáraigh?

|  |  |  |
|---|---|---|
| X | | |

**= 4 mharc**



**Ceist 3 (b)** Cá háit a mbeidh an aimsir is fearr amárach?

| | |
|---|---|
| San Iarthar | |
| Sa Deisceart | X |
| Sa Tuaisceart | |

**= 3 mharc**

**Ceist 3 = 7 marc**

**Ceist 4 (a)** Cad a fuair Máire mar bhronntanas óna tuismitheoirí?

|  |  |  |
|---|---|---|
| | | X |

**= 4 mharc**

**Ceist 4 (b)** Cad a cheannaigh Máire di féin?

| | |
|---|---|
| Éadaí deasa galánta | X |
| Spéaclaí deasa gréine | |
| Mála láimhe leathair | |

**= 3 mharc**

**Ceist 4 = 7 marc**

**Ceist 5 (a)** Cad faoi a raibh an clár teilifíse?

| | |
|---|---|
| Bia folláin | |
| Bia orgánach | |
| Bia míshláintiúil | **X** |

**= 4 mharc**

**Ceist 5 (b)** Cén saghas bia is fuath le Diarmaid?

| | |
|---|---|
| Milseáin agus seacláidí | |
| Glasraí agus torthaí | **X** |
| Brioscaí agus cístí | |

**= 3 mharc**

**Ceist 5 = 7 marc**

**Ceist 6 (a)** Cén fáth a bhfuil Treasa ag dul go dtí an t-ollmhargadh?

| | |
|---|---|
| Ag dul ag siopadóireacht ann | |
| Ag dul ag staidéar ann | |
| Ag dul ag obair ann | **X** |

**= 4 mharc**

**Ceist 6 (b)** Cathain a bhíonn lá saor aici?

| | |
|---|---|
| Ar an Domhnach | **X** |
| Ar an Luan | |
| Ar an Satharn | |

**= 3 mharc**

**Ceist 6 = 7 marc**

## ROINN II — LÉAMHTHUISCINT — (120 marc)

**FREAGAIR GACH CEIST.**

**CEIST 1.** Scríobh an abairt cheart sa spás faoi gach pictiúr. **(30 marc)**


**(a)** Cat ar strae. Dath dubh agus bán air.
**(b)** Díolachán cácaí.
**(c)** Oifig an Rúnaí.
**(d)** Fan amach. Dainséar. Sreanga leictreachais.
**(e)** Lána rothar.
**(f)** Sladmhargadh ar siúl. Laghdú 30%.




**Oifig an Rúnaí.**




**Sladmhargadh ar siúl. Laghdú 30%.**




**Lána rothar.**



**Díolachán cácaí.**



**Cat ar strae. Dath dubh agus bán air.**



**Fan amach. Dainséar.**
**Sreanga leictreachais.**

| Don scrúdaitheoir Iomlán reatha → | 30 |
|---|---|

**CEIST 2.** Léigh an **fógra** thíos agus freagair na ceisteanna atá faoi. **(40 marc)**



# Pobalscoil na Sionainne

## Baile Átha Luain

## Turas go dtí Ionad Eachtraíochta Acla



**Dé hAoine, 12 Bealtaine 2017**

| | |
|---|---|
| 8.00 a.m. | Bualadh le chéile i gclós na scoile. |
| 8.15 a.m. | Turas bus go hOileán Acla. |
| 10.00 a.m. | Sos gairid i gCaisleán an Bharraigh. |
| 10.20 a.m. | Ar aghaidh go hAcaill. |
| 11.20 a.m. | Caint ghairid faoi chúrsaí sláinte agus sábháilteachta. |
| 11.40 a.m. | Curachóireacht san fharraige. |
| 1.30 p. m. | Lón i mbialann an Ionaid. |
| 2.15 p. m. | Dreapadóireacht balla. |
| 4.00 p.m. | Treodóireacht i measc na gcnoc. |
| 5.15 p.m. | Béile i gcaife an tSléibhe. |
| 6.00 p.m. | Bus abhaile go Baile Átha Luain. |



Ticéid €30, ar fáil ó Rúnaí na scoile roimh 28 Aibreán.

**Ceisteanna**

**1.** Cá bhfuil Pobalscoil na Sionainne suite?

| | |
|---|---|
| Oileán Acla | |
| Baile Átha Luain | **X = (7 marc)** |
| Caisleán an Bharraigh | |

**2.** Cathain a rachaidh siad ar an turas?

| | |
|---|---|
| 12 Bealtaine | **X = (7 marc)** |
| 28 Aibreán | |
| 18 Meitheamh | |

**3.** Cá mbeidh siad ag curachóireacht?

| | |
|---|---|
| San fharraige | **X = (7 marc)** |
| San abhainn | |
| Ar an loch | |

**4.** Cad a dhéanfaidh siad ag a ceathair a chlog?

| | |
|---|---|
| Curachóireacht | |
| Treodóireacht | **X = (7 marc)** |
| Dreapadóireacht balla | |

**5.** Cé mhéad atá ar thicéad?

| | |
|---|---|
| €30.00 | **X = (7 marc)** |
| €28.00 | |
| €12.00 | |

**6.** Luaigh **dhá** rud a dhéanfaidh siad **tar éis** lóin.

**Treodóireacht i measc na gcnoc. / Dreapadóireacht balla.**

**Béile i gcaife an tSléibhe. / Bus abhaile go Baile Átha Luain.**

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Don scrúdaitheoir** Iomlán reatha → | **30 + 40** | = | **70** |

**CEIST 3**. Freagair (**a**) *agus* (**b**). **(50 marc)**

Léigh an **dá** alt nuachta seo agus freagair na ceisteanna atá fúthu.

## (a) Nancy Ashmawy – Máthair Chróga (25 marc)

Rugadh Nancy Ashmawy sa bhliain 1943 i gContae Chill Mhantáin. Is banaltra í. Chaith sí a saol ag obair in Éirinn, i Londain agus ar fud an domhain. Cónaíonn sí i mBaile Átha Cliath anois. Tá mac cáiliúil aici. Baz is ainm dó.

Is láithreoir teilifíse agus raidió é Baz. Chuir sé an-chuid clár i láthair in imeacht na mblianta, mar shampla, *How Low Can You Go, Fáilte Towers* agus *Weekend Breakfast with Baz and Lucy.*

Sa bhliain 2014, craoladh an clár *50 Ways To Kill Your Mammy* den chéad uair. Sa chlár sin tugann Baz dúshlán a mháthar, Nancy, gníomhaíochtaí dainséaracha a dhéanamh. Chonaiceamar Nancy sa chlár ag léim as eitleán, ag dul in achrann le hailigéadair agus ag glacadh páirte in éachtaí dainséaracha eile. Is bean chiúin í Nancy agus cé go bhfuil sí an-chróga, is minic a bhíonn scanradh an domhain uirthi nuair a bhíonn na gníomhaíochtaí dainséaracha ar siúl aici.

D'éirigh thar barr leis an gclár *50 Ways To Kill Your Mammy.* Bhí na milliúin duine ag féachaint ar an gclár gach seachtain. Bhuaigh an clár gradam *Emmy* sa bhliain 2015. Tá *50 Ways To Kill Your Mammy* le feiceáil i níos mó ná céad tír ar fud an domhain anois.

**Nancy agus Baz Ashmawy**

**1.** Cá háit ar rugadh Nancy Ashmawy?

**Rugadh Nancy Ashmawy i gContae Chill Mhantáin.** **= (15 mharc)**

**2.** Cén tslí bheatha atá ag Baz?

| | |
|---|---|
| Láithreoir teilifíse agus raidió | **X = (5 mharc)** |
| Píolóta | |
| Banaltra | |

**3.** Cén bhliain ar bronnadh an gradam *Emmy* ar *50 Ways To Kill Your Mammy*?

| | |
|---|---|
| 2014 | |
| 2015 | **X = (5 mharc)** |
| 1943 | |

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Don scrúdaitheoir** Iomlán reatha → | **70 + 50** | = | **120** |

**(b)** **Laochra na Rámhaíochta** **(25 marc)**

## Gary agus Paul O’Donovan

Bhuaigh na deartháireacha, Gary agus Paul O’Donovan, bonn airgid sa rámhaíocht sna Cluichí Oilimpeacha in 2016. Ba é sin an chéad uair riamh a bhuaigh Éire duais don rámhaíocht sna Cluichí Oilimpeacha. Go luath ina dhiaidh sin, bhuaigh Paul craobh an domhain sa rámhaíocht aonair in Rotterdam.

Rugadh an bheirt acu sa Sciobairín, in iarthar Chorcaí. Tá Gary trí bliana is fiche d’aois. Tá Paul bliain amháin níos óige ná é. Nuair a bhí siad an-óg thugadh a n-athair, Teddy, go dtí an club rámhaíochta sa Sciobairín iad. Is ansin a thosaigh siad ag rámhaíocht.

Déanann siad formhór a gcuid traenála sa chlub céanna sin go fóill. Téann siad amach ar an uisce ag a seacht a chlog ar maidin agus caitheann siad cúpla uair an chloig ag traenáil. Déanann siad an rud céanna gach tráthnóna.

Nuair a bhíonn siad ag traenáil san Ionad Náisiúnta Rámhaíochta i mBaile an Chollaigh, fanann siad lena seanmháthair, Nana, mar is turas fada é óna mbaile sa Sciobairín. Tá an-ghrá acu dá Nana. Is beirt ghreannmhara iad atá lán den chraic is den spórt. Bhain an domhan ar fad taitneamh as na hagallaimh a rinne siad ar an teilifís le linn na gCluichí Oilimpeacha.

Bhí féile is féasta mór ann dóibh sa Sciobairín nuair a d’fhill siad abhaile. Tháinig gach duine amach ar na sráideanna chun fáilte a chur rompu agus chun comhghairdeas a dhéanamh leo. Tá muintir Chorcaí agus muintir na hÉireann ar fad an-bhródúil as na laochra seo.

**1.** Cad a bhuaigh Gary agus Paul O’Donovan sna Cluichí Oilimpeacha?

**Bhuaigh na deartháireacha, Gary agus Paul O’Donovan, bonn airgid sa rámhaíocht sna Cluichí Oilimpeacha in 2016.** **= (15 mharc)**

**2.** Cén aois é Gary O’Donovan?

| | |
|---|---|
| 20 bliain d’aois | |
| 23 bliain d’aois | **X = (5 mharc)** |
| 16 bliain d’aois | |

**3.** Cá bhfuil an tIonad Náisiúnta Rámhaíochta?

| | |
|---|---|
| Sa Sciobairín | |
| In Rotterdam | |
| I mBaile an Chollaigh | **X = (5 mharc)** |


| ROINN III | CEAPADÓIREACHT | (80 marc) |
|---|---|---|

**FREAGAIR GACH CEIST.**

**CEIST 4.** **(25 marc)**

Féach ar an bpictiúr thíos.

# Laethanta Saoire in Óstán




Tá tú ar laethanta saoire san áit seo le do theaghlach. Scríobh **cárta poist** chuig do chara ag insint dó/di faoin áit.

**Cárta Poist**

Tá **ceithre chuid** sa mharcáil anseo:

**i) Leagan Amach: = (8 marc)**

- Beannú = 2 mharc
- Síniú = 2 mharc
- Ainm an tseolaí = 2 mharc
- Seoladh = 2 mharc

**ii) Tagairtí: 4** thagairt do théacs an phictiúir (2 mharc x 4) **= 8 marc**

**iii) Cumas Cumarsáide** = **4 mharc**

**iv) Cruinneas Gaeilge** = **5 mharc**

<u>Iomlán do **Cheist 4** = **25 mharc**</u>

**Stampa**

____________________

____________________

____________________

____________________

| Don scrúdaitheoir Iomlán reatha → | 120 + 25 | = | 145 |
|---|---|---|---|

**CEIST 5.** **(25 marc)**

Léigh an **fógra** seo.

| | |
|---|---|
| **U2: The Joshua Tree Tour 2017** | **Ceolchoirm**<br>**U2**<br>**Páirc an Chrócaigh**<br>**Dé Sathairn**<br>**8 Iúil 2017**<br>**Ticéid €60 ar fáil ar líne:**<br>**www.ticketmaster.ie** |

Fuair tú cuireadh ó do chara teacht leis/léi go dtí an cheolchoirm seo. Scríobh teachtaireacht ríomhphoist chuige/chuici ag tabhairt **freagra** ar an gcuireadh agus ag rá cé acu a bheidh tú ag dul ann nó nach mbeidh. Is tusa **Séamas** *nó* **Siobhán**.

**TEACHTAIREACHT RÍOMHPHOIST**

**An Tasc – Freagra** nó **teachtaireacht ríomhphoist** a scríobh

Tá **ceithre chuid** sa mharcáil anseo:

**i) Freagra a scríobh:** **= 7 marc**

- Má tá sé soiléir go bhfuil freagra ann bronntar an **7 marc**
- Muna bhfuil sé soiléir bronn **dais/fleiscín/stríoc**

**ii) An t-Eolas Cuí: 3 thagairt** ag teastáil = **3 mharc x 3** **= 9 marc**

**iii) Cumas Cumarsáide:** **= 4 mharc**

**iv) Cruinneas Gaeilge:** **= 5 mharc**

Iomlán do **Cheist 5 = 25 mharc**

| Don scrúdaitheoir<br>Iomlán reatha → | **145 + 25** | = | **170** |
|---|---|---|---|

**CEIST 6.** Freagair (**a**) *nó* (**b**). **(30 marc)**

**(a)** Féach ar an bpictiúr thíos. Bhí tú ag **Dioscó na Samhna** seo.
Tá tú chun alt gearr a scríobh in Iris na Scoile faoi.

Scríobh **an t-alt** (timpeall 60 focal) sa spás atá faoin bpictiúr.

## Dioscó na Samhna




**ALT**

**(a) An Tasc –** Alt a scríobh

Tá **trí chuid** sa mharcáil anseo:

**i) Tagairtí:** (ceithre thagairt ag teastáil: 5 mharc x 4) **= 20 marc**

**ii) Cumas Cumarsáide** **= 5 mharc**

**iii) Cruinneas Gaeilge** **= 5 mharc**

<u>Iomlán do **Cheist 6 (a) = 30 marc**</u>

| Don scrúdaitheoir Iomlán reatha → | 170 + 30 | = | 200 |
|---|---|---|---|

***NÓ***

**(b)** Ba mhaith leat post páirtaimseartha a fháil sa bhialann seo, ***An Píotsa Blasta***.
Líon isteach an **Fhoirm Iarratais** thíos.

## *An Píotsa Blasta*

**Foirm Iarratais**

Ainm: ______________________________ **= 2 mharc**

Seoladh: ______________________________
______________________________ **2 mharc**

Aois: ______________________________ **= 2 mharc**

Dáta Breithe: ______________________________ **= 2 mharc**

Cén bhliain ina bhfuil tú ar scoil? ______________________________ **= 2 mharc**

Cad é an bia is fearr leat? ______________________________ **= 2 mharc**

An ndéanann tú cócaireacht sa bhaile? ______________________________ **= 2 mharc**

An bhféachann tú ar chláir bhia ar an teilifís? ______________________________ **= 2 mharc**

An maith leat bualadh le daoine? ______________________________ **= 2 mharc**

An raibh post páirtaimseartha agat roimhe seo? ______________________________ **= 1 mharc**

An féidir leat ríomhaire a úsáid? ______________________________ **= 1 mharc**

An mbeidh tú sásta a bheith ag obair go déanach san oíche? ______________________________ **= 1 mharc**

Cén lá den tseachtain ar mhaith leat a bheith saor? ______________________________ **= 1 mharc**

Cén t-am ar mhaith leat tosú ag obair? ______________________________ **= 1 mharc**

Síniú: ____________________ **= 1 mharc**

Dáta: ____________________ **= 1 mharc**

Tá dhá chuid sa mharcáil anseo:
**i) An t-Eolas Cuí** (9 x 2 mharc) = 18 + (7 x 1) **= 25 marc**
**ii) Cruinneas Gaeilge** = **5 mharc**

Iomlán do Cheist 6 (b) = **30 marc**